Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 8 Samhain 2024
(OR. en)

15058/24

Comhad Idirinstitiúideach:
2022/0269(COD)

CODEC 2014
MI 894
COMPET 1061
CONSOM 313
POLCOM 283
ENFOCUSTOM 124
JAI 1572
EMPL 544
SOC 794
UD 241

## NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Dréacht-RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir le táirgí arna ndéanamh le saothar éigeantais a thoirmeasc ar mhargadh an Aontais agus lena leasaítear Treoir (AE) 2019/1937 (**an chéad léamh**)<br>- Glacadh an ghnímh reachtaigh |

1. An 14 Meán Fómhair 2022, chuir an Coimisiún an togra uaidh[1], atá bunaithe ar Airteagail 114 agus 207 CFAE, faoi bhráid na Comhairle.

2. Thug Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa a thuairim uaidh an 25 Eanáir 2023[2].

3. An 23 Aibreán 2024, ghlac Parlaimint na hEorpa an seasamh uaithi ar an gcéad léamh maidir leis an togra ón gCoimisiún (gan athbhreithniú dlí ná teanga). Tar éis do na saineolaithe dlí agus teanga bailchríoch a chur ar an téacs a glacadh, d'fhormheas an Pharlaimint ceartúchán a rinneadh ar an seasamh sin le linn an tseisiúin iomlánaigh a bhí aici an 21-24 Deireadh Fómhair 2024. Is léiriú é sin ar an gcomhréiteach ar tháinig na hinstitiúidí air agus ba cheart, dá bhrí sin, go mbeadh glacadh ag an gComhairle leis[3].

[1] 12711/22+ COR1.
[2] IO L 140, 21.4.2023, lch. 75.
[3] 14729/24.

4. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe, dá bhrí sin, a dhearbhú go n-aontaíonn sé leis an méid sin agus a mholadh don Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa, mar a leagtar amach in PE- CONS 67/24 é, a fhormheas mar mhír 'A' ar chlár oibre ceann de na cruinnithe a bheidh ann amach anseo, agus an Laitvia agus an Ungáir ag staonadh ón vótáil.

5. Leagtar amach na ráitis le haghaidh na miontuairiscí ó chruinniú na Comhairle san Aguisín a ghabhann leis an nóta seo.

6. Má fhormheasann an Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa, glacfar an gníomh reachtach.

   Nuair a bheidh an gníomh reachtach sínithe ag Uachtarán Pharlaimint na hEorpa agus ag Uachtarán na Comhairle, foilseofar in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* é.